Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 57

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

28 Feabhra 2022

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2022/334 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine** 1

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2022/335 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine** 4

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/334 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Feabhra 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/335 ([1]) an 28 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear I gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle.

(3) An 28 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/335 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES. Leis an gCinneadh sin, forchuireadh bearta sriantacha breise lena dtoirmisctear ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis, agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis atá ar úinéireacht nó cairtfhostú nó á rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach, eintiteas nó comhlacht tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti. Toirmeasctar leis freisin aon idirbhearta le Banc Ceannais na Rúise.

(4) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach iad sna Ballstáit uile, tá gá le gníomh rialála ar leibhéal an Aontais.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 833/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 833/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an pointe (r) seo a leanas leis:

"(r) Ciallaíonn 'aeriompróir Rúiseach' gnóthas aeriompair a bhfuil ceadúnas bailí oibríochta nó a choibhéis aige arna eisiúint ag údaráis inniúla Chónaidhm na Rúise.";

([1]) IO L 57, 28.2.2022.

([2]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

(2) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"*Airteagal 3d*

1. Toirmeascfar ar aon aerárthach atá á oibriú ag aeriompróirí Rúiseacha, lena n-áirítear ina gcáil mar iompróir margaíochta trí shocruithe roinnte cóid nó trí shocruithe suíochán blocáilte nó ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis, nó d'aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis atá faoi úinéireacht aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach, nó atá cairtfhostaithe aige, tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti.

2. Ní bheidh feidhm ag Mír 1 i gcás tuirlingthe éigeandála nó traseitilte éigeandála.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú d'aerárthach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti más rud é go gcinneann na húdaráis inniúla gur gá an tuirlingt, an t-éirí den talamh nó an eitilt thairsti sin chun críoch daonnúil nó chun críoch ar bith eile is comhchuí le cuspóirí an Rialacháin seo.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 3 laistigh de dhá sheachtain ón údarú.

Airteagal 3e

1. An Bainisteoir Líonra arna cheapadh ag an gCoimisiún de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/709, tabharfaidh sé tacaíocht don Choimisiún agus do na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar Airteagal 3d a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh. Diúltóidh an Bainisteoir Líonra go háirithe do na pleananna uile arna gcomhdú ag oibreoirí aerárthaí ina bhfuil sé léirithe go bhfuil sé beartaithe gníomhaíochtaí a dhéanamh ar chríoch an Aontais arb é atá iontu sárú ar an Rialachán seo nó ar bhearta sábháilteachta agus slándála eile atá i bhfeidhm, ionas nach gceadófar don phíolóta eitilt a dhéanamh.

2. Déanfaidh an Bainisteoir Líonra tuarascálacha a chur ar fáil go rialta don Choimisiún agus do na Ballstáit tuarascálacha, bunaithe ar anailís ar phleananna eitilte, ar chur chun feidhme Airteagal 3d.";

(3) cuirtear na míreanna 4, 5 agus 6 seo a leanas le hAirteagal 5a:

"4. Toirmeasctar idirbhearta a bhaineann le bainistiú cúlchistí agus sócmhainní Bhanc Ceannais na Rúise, lena n-áirítear idirbhearta le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann Bhanc Ceannais na Rúise nó faoina threoir.

5. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla idirbheart a údarú ar choinníoll go bhfuil sin fíor-riachtanach chun cobhsaíocht airgeadais an Aontais ina iomláine nó an Bhallstáit lena mbaineann a áirithiú.

6. An Ballstát lena mbaineann, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon rún atá aige údarú a dheonú faoi mhír 5.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"*Airteagal 12*

Toirmiscfear páirt a ghlacadh, go feasach nó d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh dul timpeall ar na toirmisc a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear trí ghníomhú mar ionadaí do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 5, 5ú, 5b, 5e agus 5f, nó trí ghníomhú chun a dtairbhe trí na heisceachtaí in Airteagail 5(6), 5ú(2), 5ú(5), 5b(2), 5e(2) nó 5f(2) a úsáid.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/335 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Feabhra 2022

lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin. Is sárú follasach é an t-ionsaí sin ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine.

(4) Sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach go géar an fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Leis na gníomhaíochtaí mídhleathacha míleata atá ar siúl aici, tá an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe á sárú go trom ag an Rúis agus tá an bonn á bhaint aici de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. D'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí pacáiste smachtbhannaí aonair agus eacnamaíocha breise a ullmhú agus a ghlacadh go beo.

(5) I bhfianaise thromchúis na staide, agus mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, is iomchuí tuilleadh bearta sriantacha a thabhairt isteach a bhaineann le hearnálacha an airgeadais agus na heitlíochta.

(6) Is iomchuí, go háirithe, aon idirbhearta le Banc Ceannais na Rúise a thoirmeasc.

(7) Thairis sin, ba cheart go mbeadh sé de cheangal ar Bhallstáit cead a dhiúltú d'aon aerárthach arna oibriú ag aeriompróirí de na Rúise lena n-áirítear mar iompróir margaíochta, tuirlingt ar a gcríocha, éirí de thalamh óna gcríocha nó traseitilt thar a gcríocha, d'aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis, agus d'aerárthaí nach bhfuil cláraithe sa Rúis atá faoi úinéireacht nó cairtfhostaithe nó faoi rialú ar shlí eile ag duine dlítheanach nó nádúrtha Rúiseach.

(8) Ní mór don Aontas tuilleadh a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir,

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal a1, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'4. Toirmeasctar idirbhearta a bhaineann le bainistiú cúlchistí mar aon le sócmhainní de chuid Bhanc Ceannais na Rúise, lena n-áirítear idirbhearta le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann Bhanc Ceannais na Rúise nó faoina threoir.

5. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla idirbheart a údarú ar choinníoll go bhfuil sin fíor-riachtanach chun cobhsaíocht airgeadais an Aontais ina iomláine nó an Bhallstáit lena mbaineann a áirithiú.

6. An Ballstát lena mbaineann, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon rún atá aige údarú a dheonú faoi mhír 5.';

(2) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas i ndiaidh Airteagal 4d:

'*Airteagal 4e*

1. Diúltóidh na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha agus lena ndlíthe náisiúnta agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha maidir le heitlíocht shibhialta, d'aon aerárthach atá á oibriú ag aeriompróirí Rúiseacha, lena n-áirítear ina gcáil mar iompróir margaíochta trí shocruithe roinnte cóid nó trí shocruithe suíochán blocáilte, d'aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis, agus d'aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis atá faoi úinéireacht aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach, nó atá cairtfhostaithe aige, cead tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti.

2. Ní bheidh feidhm ag Mír 1 i gcás tuirlingthe éigeandála nó traseitilte éigeandála.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú d'aerárthach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti más rud é go gcinneann na húdaráis inniúla gur gá an tuirlingt, an t-éirí den talamh nó an eitilt thairsti sin chun críoch daonnúil nó chun críoch ar bith eile is comhchuí le cuspóirí an Chinnidh seo.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 3 laistigh de dhá sheachtain ón údarú.

Airteagal 4f

1. An Bainisteoir Líonra arna cheapadh ag an gCoimisiún de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/709, tabharfaidh sé tacaíocht don Choimisiún agus do na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar Airteagal 4e a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh. Diúltóidh an Bainisteoir Líonra go háirithe do na pleananna eitilte uile arna gcomhdú ag oibreoirí aerárthaí ina bhfuil sé léirithe go bhfuil sé beartaithe gníomhaíochtaí a dhéanamh ar chríoch an Aontais arb é atá iontu sárú ar fhorálacha an Chinnidh seo nó ar bhearta sábháilteachta agus slándála eile atá i bhfeidhm, ionas nach gceadófar don phíolóta eitilt a dhéanamh.

2. Déanfaidh an Bainisteoir Líonra tuarascálacha a chur ar fáil go rialta don Choimisiún agus do na Ballstáit tuarascálacha, bunaithe ar anailís ar phleananna eitilte, ar chur chun feidhme Airteagal 4e.';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'*Airteagal 8*

Toirmiscfear páirt a ghlacadh, go feasach nó d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh dul timpeall ar na toirmisc a leagtar amach sa Chinneadh seo, lena n-áirítear trí ghníomhú mar ionadaí do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá faoi réir na dtoirmeasc sin, nó trí ghníomhú chun a dtairbhe trí aon cheann de na heisceachtaí dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a úsáid.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA